

[02_01.mp3](#)

Bileog 2.1

Mise Siobhán Bean Uí Ghearrailt. Seo m'fhear céile Peadar, agus seo ár mac is sine Seán, agus is é Pól an dara duine is sine. Tá Pól pósta sa Fhrainc agus tá beirt mhac aige féin agus iníon amháin. Seo iad Clár agus Ciara, is cúpla iad. Is í Clár an duine is óige, tá sí cúig nóiméad níos óige ná Ciara. Tá an bheirt acu tar éis tosú ar an Ollscoil.

[02_07.mp3](#)

Bileog 2.7

Comhrá 1

- Ar chuala tú an scéal, a Áine?
- Níor chuala! Inis dom!
- Bhuel, tá Sinéad agus Séan le pósadh.
- Ní chreidim thú! Cén uair?
- Tá sé fíor, an bhliain seo chugainn!

Comhrá 2

- Hé, a Chiaráin, tá cóisir sa teach againn amárach!
- An bhfuil? Cad ina thaobh?
- Mo bhreithlá atá ann inniu.
- Comhghairdeas, beidh mé ann cinnte.

Comhrá 3

- An raibh a fhios agat go raibh Jan agus Máire geallta?
- Ní raibh a fhios agam ar chor ar bith, shíl mé go raibh siad scartha le tamall anois.
- Bhí, ach tá siad le chéile anois le cúpla seachtain agus, bhuel, tá siad geallta.
- Tá sé sin deacair le creidiúint!

Comhrá 4

- Rugadh buachaill beag do Shorcha, an raibh a fhios agat?
- Ar rugadh? Tá sé sin go hiontach ar fad! Ní raibh a fhios agam in aon chor a Phóil, go raibh maith agat as a rá liom.
- Beidh mé ag tabhairt cuairte uirthi amárach, ar mhaith leat teacht liom?
- Sin tuairim mhaith, *yeah*, cinnte, rachaidh mé leat.